**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

(160 Marc)

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH 2001 – IARNÓIN, 2.00 – 4.00

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc. Tabhair faoi **CHEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt. Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair, mar aon le, nuair is cuí sin, Fóiliónna agus Dátaí a thaispeánfaidh an lá, an mhí agus an bhliain. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála agus le Mórleabhar.**

Bhí na hIarmhéideanna seo a leanas ag Thaem Teo. ina Leabhar Cúnta Ginearálta ar 1 Bealtaine 2001:

**LEABHAR CÚNTA** (Leathanach 1)

| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **DR. ÉIR£** | **SR. ÉIR£** |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2001 | Foirgnimh | MLG1 | 120,000 | |
| | Féichiúnaí SAM Teo. | MLG1 | 56,000 | |
| | Rótharraingt Bainc | LA1 | | 25,000 |
| | Gnáthscairchaipiteal | MLG2 | | 151,000 |
| | Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal THAEM Teo. | | 176,000 | 176,000 |

**(A)** Déan na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas a bhreacadh sna mórleabhair chuntais cuí. (5)

**(B)** Déan na figiúirí cuí ó na Leabhair Díolachán agus Ceannachán thíos a bhreacadh sna mórleabhair.

**LEABHAR NA nDÍOLACHÁN (Leathanach 1)**

| **Dáta** | **Mionsonraí** | **Uimh. Sonraisc** | **F** | **Glan ÉIR£** | **CBL ÉIR£** | **Iomlán ÉIR£** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 7/5/2001 | MA Teo. | 53 | MLF 2 | 24,000 | 3,000 | 27,000 |
| | | | | MLG3 | MLG4 | |

**LEABHAR NA gCEANNACHÁN (Leathanach 1)**

| **Dáta** | **Mionsonraí** | **Uimh. Sonraisc** | **F** | **Glan ÉIR£** | **CBL ÉIR£** | **Iomlán ÉIR£** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9/5/2001 | GUIRE Teo. | 12 | MLC2 | 32,000 | 4,000 | 36,000 |
| | | | | MLG5 | MLG4 | |

(7)

**(C)** Déan taifead ar na Bearta Bainc seo a leanas do mhí Bealtaine. Déan na figiúirí cuí a bhreacadh sa Mhórleabhar.

Nóta: Déan anailís ar na bearta bainc ag baint úsáide as na ceannteidil cholúin airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc: Díolacháin; CBL; Feichiúnaithe.
**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí):** Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Árachas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3/5/2001 | Díolacháin Airgead Thirim a lóisteáladh | | ÉIR£ 54,000 (ÉIR£48,000 + ÉIR£6,000 CBL) |
| 4/5/2001 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh.1) | ÉIR£30,000 + CBL $12\frac{1}{2}$% |
| 13/5/2001 | D'íoc SAM Teo. a chuntas iomlán agus lóisteáladh é. | | Fáltas Uimh. 43 |
| 19/5/2001 | D'íoc le GUIRE Teo. | (Seic Uimh. 2) | ÉIR £26,000 |
| 24/5/2001 | Íoctha ag MA Teo. | ÉIR£7,000 agus lóisteáladh é. | Fáltas Uimh. 44 |
| 28/5/2001 | D'íoc as árachas | (Seic Uimh. 3) | ÉIR£4,600 |

(19)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2001 agus déan Comhardú Trialach a bhaint amach amhail ar an dáta sin. (9)

**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist Imeasctha í seo ag baint le Doiciméid agus Leabharchoimeád.**

**(A)** Tabhair **dhá chúis** a ndéanann gnólachtaí iarracht nach mbeadh mórán gearán ann faoina gcuid earraí nó a gcuid seirbhísí. (6)

**(B)** Leag amach nós imeachta oiriúnach chun déileáil le gearáin custaiméirí. (6)

**(C)** Ar 5 Bealtaine 2001, fuair WEST Teo. déantóir éadaí, litir ghearáin ó dhuine dá chuid custaiméirí, LIFE Teo. Sráid Ard, Sligeach. Sa litir a fuarthas ó LIFE Teo. luadh go raibh fiche léine a bhí díreach faighte acu, stróicthe. Ba é an costas gan CBL san áireamh ná ÉIR£20 an léine.

D'eisigh WEST Teo. Nóta Creidmheasa, Uimh. 16 ar 25 Bealtaine 2001.
25% a bhí mar Lascaine Thrádála agus 20% mar CBL.

Comhlánaigh an **nóta creidmheasa** seo *ar an mbileog doiciméid glan a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.* (11)

**(D)** Taifead an nóta creidmheasa a eisíodh i gcuntais an **Leabhar Aischur Isteach** agus i gcuntais na **nAischur Isteach, CBL** agus **LIFE Teo.** a thaifeadadh ar an mbileog ar leith, a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo. (17)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist Imeasctha í ar faoi Margaíocht agus ar Tuarascáil.**

Tá 500 dalta ag freastal ar Iarbhunscoil Pháirc Dara, atá suite trí chiliméadar ón mbaile is giorra. Tá an scoil ag smaoineamh ar bhéilí teo a chur ar fáil do dhaltaí am lóin ar chostas ÉIR£1.50 an béile. Tá iarrtha ag Bord Bainistíochta na scoile ar P&M Margaíocht Teo., An Nás, Co. Chill Dara suirbhé, a dhéanamh chun a fháil amach cé mar éireoidh leis an bplean. Seo a leanas torthaí an tsuirbhé:

| | |
|---|---|
| **Líon iomlán daltaí a bheadh sásta béile a cheannach** | 350 |
| **Saghsanna bianna teo arbh fhearr le daltaí a bheadh sásta béilí a cheannach:** | |
| Burgar agus Sceallóga | 210 |
| Curaí Sicín agus Rís | 91 |
| Lasagne agus Sailéad | 49 |
| **Costas Béilí** | |
| Bia | ÉIR£0.95 an béile |
| Costais Eile | ÉIR£0.30 an béile |

Abair gur tú Pádraigín Ní Mhódhra, Comhairleach Margaíochta, P&M Margaíocht Teo. Ullmhaigh **tuairisc ar dháta an lae**, don Bhord Bainistíochta, Iarbhunscoil Pháirc Dara. Sa tuairisc uait, ba cheart iad seo ar fad a bheith san áireamh:

(i) An céatadán daltaí sa scoil a bheadh sásta béilí teo a cheannach;

(ii) An céatadán daltaí a mbeadh na béilí éagsúla uathu;

(iii) An brabús laethúil a dhéanfadh an scoil dá ndíolfaí 350 béile;

(iv) **Trí** bhealach oiriúnacha chun béilí teo sa scoil a chur chun cinn;

(v) Moladh, agus cúis mar thacaíocht, ar cibé acu ar cheart dul ar aghaidh nó nár cheart dul ar aghaidh le soláthar béilí teo.

**(40 marc)**

**4.** **Freagair A agus B. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Ó MURCHÚ Teo. ar 31 Bealtaine 2001. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 350,000 gnáthscaireanna ar ÉIR£1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH ar 31 Bealtaine 2001** | **Dr. ÉIR£** | **Sr. ÉIR£** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 185,000 | 400,000 |
| Aischuir Isteach | 50,000 | |
| Stoc Tosaigh 1/6/2000 | 25,000 | |
| Pánna | 36,000 | |
| Ús Infhaighte | | 6,000 |
| Árachas | 8,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 15,000 | |
| Drochfhiacha | 5,000 | |
| Foirgnimh | 169,000 | |
| Trealamh | 60,000 | |
| Feichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 49,000 | 17,000 |
| Mótarveaineanna | 35,000 | |
| Airgead Tirim | 1,000 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 5,000 |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 10,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 200,000 ÉIR£1 Gnáthscaireanna | | 200,000 |
| | 638,000 | 638,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntais Trádála, Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** na cuideachta don bhliain dár chríoch 31 Bealtaine 2001 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin a ullmhú.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Bealtaine 2001.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc ar Deireadh | ÉIR£32,000 |
| (ii) | Carraeireacht isteach dlite | ÉIR £3,000 |
| (iii) | Árachas réamhíoctha | ÉIR £2,000 |
| (iv) | Díbhinní fógraithe $12^1/2$% | |
| (v) | Dímheas: Trealamh 12%; Mótarveaineanna 10% | |

(35)

**(B)** Liostaigh trí shaghas árachais ar cheart do Ó MURCHÚ Teo. a thógaint amach. (5)

**(40 marc)**

5. **Freagair GACH roinn. Ceist Imeasctha í seo ar Fostaíocht agus Pánna.**

**(A)** Leag amach nós imeachta a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid ag fostú foirne nua oibre. (8)

**(B)** Bialann atá ag forbairt go tapa is ea MEARBHIA CRISPY agus tá cócaire cúnta ag teastáil. Déan fógra oiriúnach a dhréachtadh le haghaidh fholúntas cócaire chúnta a bheidh á chur isteach sna páipéirí áitiúla. (10)

**(C)** Tá beirt fhostaithe a íoctar go míosúil ag MEARBHIA CRISPY. Íocann gach fostaí ASPC ag ráta 8%. Is é ráta ASPC an fhostóra ná 12%.

(i) Comhlánaigh an Leabhar Pá, do mhí Bhealtaine 2001, *ag baint úsáide as an Leabhar Pá atá comhlánaithe i bpáirt ar an mbileog ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Déan **costas iomlán pánna** a áireamh do mhí Bhealtaine, 2001. (*Scríobh isteach do fhreagra sa bhosca atá ann dó i ndiaidh an Leabhair Phá ar an mbilleog ar leith.*) (16)

**(D)** Taifead an **costas iomlán pánna** do mhí Bhealtaine 2001 sna cuntais Phá agus Bhainc de chuid MEARBHIA CRISPY, atá ann dó *ar an leathanach ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.* (6)

**(40 marc)**

6. **Freagair GACH roinn. Ceist í seo ar Córais Seachadta/Taifeadchoimeád agus Dímheas.**

**(A)** Liostaigh **trí** chostas do ghnólacht a ghabhann le húinéireacht veaineanna seachadta. (6)

**(B)** Mínigh **trí** fhoinse oiriúnacha airgeadais a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun veaineanna seachadta a fháil. (12)

**(C)** Ar 1 Eanáir 1999 cheannaigh Ó BRÁDAIGH Teo. veain seachadta, trí sheic ar ÉIR£23,000 ó Gharáiste BLACK Teo. Mheas Ó BRÁDAIGH Teo. go mbeadh saol ceithre bliana ag an veain seachadta agus dramhluach measta de ÉIR£5,000. Críochnaíonn bliain thrádála Ó BRÁDAIGH Teo. ar 31 Nollaig.

(i) Taifead ceannach an veain sheachadta ar 1 Eanáir 1999 agus dímheas bliantúil díscríofa do na blianta 1999 agus 2000 sna cuntais chuí.

(ii) Taispeáin an sliocht cuí sa Chlár Comhardaithe amhail ar 31 Nollaig 2000. (22)

**(40 marc)**

# STAIDÉAR GNÓ – PÁIPÉAR II 2001

**SCRÚDUIMHIR** ____________________

**Le húsáid le CEIST 2 (C )**

## NÓTA CREIDMHEASA

**Uimh. 16**

WEST Teo.
Sráid Sheoighe,
Baile Átha Cliath

Teil. 01 23434565
CBL Clár. IE 234345

Chuig: ____________________
____________________
____________________

Dáta: ____________

Orduimh. 71

| Líon | Tuairisc | Praghas Aonaid | Iomlán (Gan CBL) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

| | | |
|---|---|---|
| | Iomlán (Gan CBL) | |
| | Lascaine Thrádála | |
| | | |
| | CBL | |
| E & EE | Iomlán | |

**Le húsáid le CEIST 2 (D)**

**Leabhar na nAischur Isteach (Leathanach 1)**

| Dáta | Mionsonraí | Uimh. Nóta Creidmheasa | F | GLAN ÉIR£ | CBL ÉIR£ | IOMLÁN ÉIR£ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

| Dáta | Mionsonraí | F | Méid ÉIR£ | Dáta | Mionsonraí | F | Méid ÉIR£ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Cuntas Aischuir Isteach (lch. 1)** | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | **Cuntas CBL (lch. 2)** | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | **Cuntas LIFE Teo. (lch. 3)** | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

**É SEO A CHUR ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

Le húsáid le CEIST 5 (C) (i)

## LEABHAR NA bPÁNNA

| Dáta | Ainm | Ollphánna | Asbhaintí | | | Glanphánna | ASPC An Fhostóra |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | ÍMAT | ASPC | Iomlán | | |
| | | ÉIR£ | ÉIR£ | ÉIR£ | ÉIR£ | ÉIR£ | ÉIR£ |
| 31/5/2001 | Máire Nic an Éisc | 1,800 | 600 | | | | |
| 31/5/2001 | Lúcás Curraí | 1,400 | 460 | | | | |
| | Iomlán | | | | | | |

Le húsáid le CEIST 5 (C) (ii)

| OLLCHOSTAS PÁNNA | ÉIR£ |
|---|---|

Le húsáid le CEIST 5 (D)

| Dáta | Mionsonraí | F | Méid ÉIR£ | Dáta | Mionsonraí | F | Méid ÉIR£ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Cuntas Pánna (lch. 1) | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | Cuntas Bainc (lch. 2) | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

É SEO A CHUR ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR